



5. Tionchar lonnaitheoirí éagsúla ar logainmneacha

Tá tionchar lonnaitheoirí éagsúla le feiceáil ar logainmneacha na hÉireann, mar shampla tionchar na nGael, na Lochlannach agus na Normannach. Insíonn logainmneacha na hÉireann scéal faoi stair na tíre thar breis is 2,000 bliain mar gach uair a tháinig dream nua go hÉirinn, d'fhág siad a lorg ar na logainmneacha.

Tá cúlra Gaeilge ag formhór na logainmneacha sa tír seo, ach mar gheall ar na lonnaitheoirí a tháinig go hÉirinn tá cúlra Béarla, Lochlannaise agus Fhraincis na Normannach, mar shampla, le cuid de logainmneacha na tíre freisin.

Ar ndóigh, bhíodh áit chónaithe ag teastáil ó na lonnaitheoirí nuair a thagaidís go hÉirinn agus mar sin tá a lán áiteanna sa tír ainmnithe as na háiteanna inar chónaigh siad.

Na Gaeil

Is iad na Gaeil is mó a d'fhág lorg ar logainmneacha na hÉireann. Mar sin tá logainmneacha de bhunús Gaeilge ar fud na tíre. B'fheirmeoirí iad na Gaeil agus bhíodh go leor ainmhithe acu. Bhí fonn orthu iad féin agus a n-ainmhithe a chosaint ó na hainmhithe fiáine agus ó ionsaithe. Mar sin thóg siad áiteanna cónaithe a bhí láidir agus sábháilte. Faighimid logainmneacha a bhfuil na míreanna seo a leanas iontu ó na Gaeil: lios 'ring-fort, enclosure'; ráth 'ring-fort'; dún 'fort'; caiseal 'stone ring-fort'; cathair 'stone ring-fort': Lios an Daill, Ráth Fearnáin, Dún Dealgan, Caiseal, Cathair Saidhbhín.

Na Lochlannaigh

D'fhág na Lochlannaigh a lorg ar logainmneacha na tíre freisin. Tháinig na Lochlannaigh go hÉirinn ag deireadh an ochtú haois (795 AD). Ghabh siad mainistreacha a bhí suite cois farraige agus in aice le huiscebhealaí na hÉireann. Bhí a dteanga féin acu, an tSean-Lochlannais. Chum siad logainmneacha ina dteanga féin. Tá cuid de na logainmneacha sin fós ann inniu. Baineann an chuid is mó de na logainmneacha a tháinig ó na Lochlannaigh le háiteanna ar an gcósta toisc go raibh an-suim acu i gcúrsaí loingseoireachta agus tráchtála. Thóg siad longfoirt mar áiteanna cónaithe. Bhunaigh siad na bailte seo a leanas: **Baile Átha Cliath, Luimneach, Loch Garman, Port Láirge agus Corcaigh.**

Seo a leanas samplaí de na logainmneacha a tháinig ó na Lochlannaigh.

Béarla	Gaeilge
Arklow	An tInbhear Mór
Carlingford (ón ainm Sean-Lochlannaise 'Kerlingfjorðr', ciallaíonn Kerling cailleach	Cairlinn
Dalkey	Deilginis
Helvick	Heilbhic
Howth	Binn Éadair
Ireland's Eye	Inis Mac Neasáin
Lambay Island	Reachrainn
Leixlip	Léim an Bhradáin
Strangford (ón ainm Sean-Lochlannaise 'Strangrfjorðr', ciallaíonn Strangrfjorðr an cuan ina bhfuil sruth mear)	Baile Loch Cuan
Waterford	Port Láirge
Wexford	Loch Garman
Wicklow	Cill Mhantáin



5. Tionchar lonnaitheoirí éagsúla ar logainmneacha

Tá ainmneacha pearsanta ón tSean-Lochlannais caomhnaite i logainmneacha Gaeilge, ar nós:

Béarla	Gaeilge
Ballyfermot	Baile Formaid (ón ainm Thormundr)
Balsitric	Baile Shitric (is ainm iasachta é Sitric a thagann ón ainm sean-Lochlannaise <i>Sigtryggr</i>)
Ballivor	Baile Íomhair (is ainm iasachta é Íomhar a thagann ón ainm sean-Ioruaise Ívarr)

Go minic nuair a chuir na Lochlannaigh logainm Lochlannach ar áit, d'úsáid na Gaeil logainm Gaeilge ar an áit chéanna. Is minic mar sin nach mbíonn an bhrí chéanna leis na logainmneacha Gaeilge agus atá leis na logainmneacha Béarla (atá bunaithe ar an Lochlannais). Is eisceacht é *Dalkey* i mBaile Átha Cliath mar is aistriúchán díreach é ar an ainm Gaeilge, Deilginis a chiallaíonn oileán ar a bhfuil *dealga*.

Seo roinnt samplaí bunaithe ar na logainmneacha sa tábla thuas:

- Ciallaíonn *Arklow* 'Arnkell's meadow' ach ciallaíonn **An tInbhear Mór** 'the big/great estuary'
- Ciallaíonn *Howth* 'headland' ach ciallaíonn **Binn Éadair** 'the peak of Éadar'
- Ciallaíonn *Ireland's Eye* 'the island of Ireland' ach ciallaíonn **Inis Mac Neasáin** 'the island of the sons of Neasán'
- Ciallaíonn *Strangford* 'strong sea-inlet' ach ciallaíonn **Loch Cuan** 'sea-inlet of bays/havens'
- Ciallaíonn *Wicklow* 'Viking meadow' ach ciallaíonn **Cill Mhantáin** 'church of Mantán'

Baile Átha Cliath – stair an logainm

Ciallaíonn **áth** 'ford', áit is féidir le daoine agus ainmhithe dul trasna abhann agus is rud saorga (*artificial*) é **cliath** a chiallaíonn 'hurdle' nó 'wattle'. An abhainn a bhí i gceist ná abhainn na Life agus bhí an t-áth suite ag bun na Life. Is léir gur úsáideadh cliatha chun an t-áth a dhéanamh níos láidre. D'úsáid na Gaeil an t-ainm Gaeilge **Áth Cliath** chun tagairt don áit. Ciallaíonn **Áth Cliath** 'ford of the hurdles'.

Tagann an logainm Béarla Dublin ón logainm Gaeilge **Duibhlinn**. Ciallaíonn sé sin linn dhubh 'black pool'. Bhí an linn seo ar abhainn na Life. Ba linn dhomhain í. Seans go gciallaíonn dubh 'domhain' sa chás seo mar sin. Thóg na Gaeil mainistir ann agus thug siad an t-ainm **Duibhlinn** ar an mainistir. Ghlac na Lochlannaigh **seilbh** ar **Áth Cliath** sa bhliain 841. Thóg siad an chéad bhaile ann agus d'úsáid siad a **bhfoirm** féin den logainm Gaeilge **Duibhlinn** (*Dyflin* nó a leithéid) chun tagairt don áit.

Cuireadh an mhír **Baile** ag tús an ainm **Áth Cliath** am éigin roimh an 15ú haois. Tharla sé sin i gcás ainmneacha a lán bailte eile ar fud na tíre freisin, go háirithe cinn a bhfuil **Áth** mar chéadmhír acu ar nós **Baile Átha Luain**, **Baile Átha Buí** etc.

Tháinig na Normannaigh go hÉirinn sa bhliain 1169 agus ghlac siad seilbh ar Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1170.

Na Normannaigh

Tháinig na Normannaigh go hÉirinn sa bhliain 1169 agus d'fhág siad a **lorg** ar logainmneacha na tíre freisin. Labhair siad Francis agus Béarla. Níor chum siad a lán logainmneacha mar ghlac siad leis na cinn Ghaeilge don chuid is mó. Ba thógálaithe iontacha iad. Thóg siad caisleáin as adhmaid ar dtús ach ansin thóg siad caisleáin chloiche. Thóg siad caisleáin mar gur chabhraigh na caisleáin leo smacht a choinneáil ar na ceantair ina raibh siad lonnaithe. Tá a lán de na caisleáin sin fós ann. Bhíodh cuid de na ceardaithe agus daoine eile a bhíodh ag obair do thiarna an chaisleáin ina gcónaí gar don chaisleán. Thagadh daoine chuig an gcaisleán go minic chun earraí a dhíol agus bhíodh margaí agus aontaí ar siúl go minic gar do na caisleáin Normannacha. Mar sin d'fhás **sráidbhailte** agus bailte gar do na caisleáin. Seo a leanas samplaí de bhailte Angla-Normannacha inar lonnaithe na Normannaigh: **Baile Átha Troim** / *Trim (An Mhí)*, **Baile Átha Luain** /



5. Tionchar lonnaitheoirí éagsúla ar logainmneacha

Athlone (An Iarmhí), **Baile Átha an Rí / Athenry** (Gaillimh), **An tAonach / Nenagh** (Tiobraid Árann), **Cill Dara / Kildare** (Cill Dara), **Cill Chainnigh / Kilkenny**, agus **Ros Mhic Thriúin / Newross** (Loch Garman). Roinn na Normannaigh Éire ina contaetha. Thóg siad teampaill mhóra, mainistreacha agus séipéil in Éirinn freisin. Tháinig logainmneacha ina bhfuil na míreanna **briotás** (sin fál cosanta adhmaid thart ar dhúnfort Normannach), **caisleán**, **gráinseach**, **móta** iontu ó na Normannaigh. Tháinig a lán ainmneacha den mhúnla ‘baile + ainm pearsanta nó sloinne’ ó na Normannaigh, cumadh sa Bhéarla iad agus aistríodh go Gaeilge iad tar éis tamaill. Seo roinnt samplaí a bhaineann le tréimhsí éagsúla, níl siad ar fad comhaimseartha:

Béarla	Gaeilge	Contae
<i>Blanchardstown</i>	Baile Bhlainséir	Baile Átha Cliath
<i>Thomastown</i>	Baile Mhic Andáin	Cill Chainnigh
<i>Ballyferriter</i>	Baile an Fheirtéaraigh	Ciarraí
<i>Ballylanders</i>	Baile an Lóndraigh	Corcaigh
<i>Fontstown</i>	Baile an Fhóntaigh	Cill Dara
<i>Walshestown</i>	Baile an Bhreatnaigh	Luimneach
<i>Ballykeating</i>	Baile an Chéitinnigh	Corcaigh
<i>Butlerstown</i>	Baile na mBuitléarach	Tiobraid Árann
<i>Ballyburke</i>	Baile na mBúrcach	Gaillimh
<i>Ballyshandedehey</i>	Baile Sheoin de Hae	Luimneach
<i>Rochestown</i>	Baile an Róistigh	Cill Chainnigh

Míreanna i logainmneacha a bhaineann le háiteanna cónaithe na lonnaitheoirí éagsúla

Seo liosta míreanna a bhaineann le tionchar lonnaitheoirí éagsúla ar na logainmneacha agus samplaí de logainmneacha a bhfuil na míreanna sin iontu. Má fhéachann tú go cúramach ar an liosta, tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil tú in ann go leor logainmneacha a thuiscint anois.

Gaeilge	Béarla	Samplaí
bábhún	bawn, fortified enclosure	An Bábhún Nua / Newbawn (Loch Garman); An Bábhún Mór / Baunmore (Cill Chainnigh)
baile (tá ‘baile’ an-choitianta mar mhír i logainmneacha na hÉireann go háirithe sna ceantair inar lonnaithe na Normannaigh)	townland, town, homestead	Baile Átha Cliath / Dublin ; Baile na hAbhann / Ballynahown (Gaillimh)
briotás	palisade	An Briotás / Brittas (Luimneach); Cuan an Bhriotáis / Brittas Bay (Cill Mhantáin)
brú	land-holding, abode	Brú na Bóinne / Brú na Bóinne (An Mhí); An Brú / Bruff (Luimneach)
bruíon	hostel, large banqueting-hall, house, mansion	Bóthar na Bruíne / Bohernabreena (Baile Átha Cliath); Na Bruíneacha / Breenagh (Dún na nGall)



5. Tionchar lonnaitheoirí éagsúla ar logainmneacha

buiríos	borough-town	An Bhuiríos / Borris (Maigh Eo); Buiríos Mór Osraí / Borris-in-Ossory (Laois)
caiseal	stone ring-fort	Caiseal / Cashel (Tiobraid Árann); An Caiseal Mór / Cashelmore (Dún na nGall)
caisleán	castle	Caisleán Cnucha / Castleknock (Baile Átha Cliath); Caisleán na Mainge / Castlemaine (Ciarraí)
cathair	stone ring-fort	An Chathair / Caher (Tiobraid Árann, An Clár); Cathair na Mart / Westport (Maigh Eo); Cathair Saidhbhín / Cahersiveen (Ciarraí)
cloch	stone building/structure	Cloch Shiurdáin / CloghJordan (Tiobraid Árann); Cloch an Mhuilinn / Clonmuillin (Cill Dara)
cora	weir, stone-fence, ford	An Chora Liath / Curraleigh (Corcaigh); Abhainn na Cora / Owennacurra (Corcaigh)
crannóg	wood lake-dwelling	An Chrannóg / Crannagh (Tír Eoghain)
cúirt	court, manor, palace, court of law	Cúirt na Buaille / Courtnabooly (Cill Chainnigh); Cúirt Mhic Shéafraidh / Courtmacsherry (Corcaigh)
daingean	stronghold, fortress	An Daingean / Daingean (Uíbh Fhailí); Baile an Daingin / Ballindine (Maigh Eo)
dún	fort	Dún Dealgan / Dundalk (Lú); Na Dúnaibh / Downies (Dún na nGall)
dúnaibh	<i>féach dún</i>	
gall	foreigner, standing stone	Muine Gall / Moneygall (Uíbh Fhailí); Cnoc na nGall / Knocknagaul (Luimneach)
gráinseach	grange, monastic farm	Gráinseach Mhóicléir / Grangemockler (Tiobraid Árann); Gráinseach an Déin / Deansgrange (Baile Átha Cliath)
lios	ring-fort, enclosure	Lios Ceannúir / Liscannor (An Clár); Lios na gCearrbhach / Lisburn (Aontroim)
longfort	encampment	An Longfort / Longford (Luimneach); Béal Átha Longfoirt / Ballylongford (Ciarraí)



5. Tionchar lonnaitheoirí éagsúla ar logainmneacha

móta	mound, moat	Móta / <i>Woodlawn</i> (Gaillimh); An Móta / <i>Moate</i> (An Iarmhí)
pailís	palisaded or fortified enclosure	An Phailís / <i>Pallas</i> (Gaillimh, Ciarraí, Lú); Pailís Ghréine / <i>Pallasgreen</i> (Luimneach)
ráith	<i>féach ráth</i>	
ráithín	small ring-fort/rath	Ráithín na gCon / <i>Raheennagun</i> (Cill Chainnigh), Moing na Ráithíní / <i>Meennaraheeny</i> (Corcaigh)
ráth	ring-fort/rath	Ráth Garbh / <i>Rathgar</i> (Baile Átha Cliath); Ard an Rátha / <i>Ardara</i> (Dún na nGall); An Ráith Dhubh / <i>Reduff</i> (Muineachán)
sabhall	barn	Sabhall Mór / <i>Saval More</i> (An Dún)
spidéal	hospital	An Spidéal / <i>Spiddle</i> (Gaillimh); Béal Átha an Spidéil / <i>Ballinspittle</i> (Corcaigh)
sráid	street	An tSráid / <i>Straid</i> (Maigh Eo); An tSráidbhaile / <i>Stradbally</i> (Laois)
teach, stigh	<i>féach teach</i>	
teach	house	Teach Naithí / <i>Saint Nathy's House, Taney</i> (Baile Átha Cliath); Stigh Colláin / <i>Stackallan</i> (An Mhí); Steach Caillí / <i>Stakally</i> (Cill Chainnigh); Tigh Munna / <i>Crookedwood</i> (An Iarmhí)
tigh	<i>féach teach</i>	



5. Tionchar lonnaitheoirí éagsúla ar logainmneacha

Tionchar na nÉireannach ar logainmneacha na hAstráile

D'fhág Éireannaigh áirithe, a chuaigh ar imirce go dtí an Astráil san 18ú agus sa 19ú haois déag, a lorg ar na logainmneacha ansin. Baineann an-tábhacht le bheith fréamhaithe in áit ar leith nó bainteach le háit ar leith le meon na hÉireann. Chuir Éireannaigh ainmneacha Éireannacha ar áiteanna agus ar thithe san Astráil. Chabhraigh sé sin leo socrú síos agus bheith fréamhaithe san áit. Seo a leanas roinnt samplaí :

Logainmneacha Éireannacha san Astráil

Tá ainmneacha 25 de na 32 contae in Éirinn ina logainmneacha san Astráil. Seo a leanas ainmneacha na gcontaetha nach bhfuil le fáil san Astráil: *Down, Laois, Leitrim, Meath, Westmeath, Offaly* agus *Sligo*

Athlone

Clontarf

Connemara

Coolnagatta

Currah

Dunmore

Erin

Innis

Kells

Killarney

Newry

Ovens

Tara

Tully

Vinegar Hill



CEAHTANNA

Freagair na ceisteanna

1. Cén dream is mó a d'fhág **lorg** ar logainmneacha na hÉireann?

.....

2. Cén fáth ar thóg na Gaeil áiteanna cónaithe a bhí láidir agus sábháilte?

.....

3. Cathain a tháinig na Lochlannaigh go hÉirinn?

.....

4. Cén teanga a bhí ag na Lochlannaigh?

.....

5. Cén fáth nach raibh an bhrí chéanna uaireanta ag na logainmneacha Gaeilge agus Béarla a bhaineann le **ré na Lochlannach**?

.....

6. Cad is **brí** le Deilginis?

.....

7. Cad is brí le Duibhlinn?

.....

8. Cathain a ghlac na Lochlannaigh **seilbh** ar Bhaile Átha Cliath?

.....

9. Cathain a tháinig na Normannaigh go hÉirinn?

.....

10. Céard iad na teangacha a bhí ag na Normannaigh?

.....

11. Cén fáth ar thóg na Normannaigh caisleáin?

.....

12. Luaigh trí bhaile Normannacha in Éirinn?

.....



CEACHTANNA

13. Tá dhá chontae in Éirinn a bhfuil an mhír **dún** mar chuid dá n-ainmneacha. Aimsigh iad.

.....

14. Tá contae amháin in Éirinn a bhfuil an mhír **longfort** mar chuid den ainm. Aimsigh é.

.....

15. Cén fáth ar chuir Éireannaigh ainmneacha Éireannacha ar áiteanna san Astráil?

.....

16. Luaigh trí shampla de logainmneacha Éireannacha san Astráil.

.....

Rangú logainmneacha de réir téamaí

Cuir na logainmneacha seo a leanas sna colúin chearta sa tábla thíos de réir na **lonnaitheoirí** lena mbaineann siad. Tá roinnt samplaí déanta.

<i>Carlingford</i>	Ráth Fearnáin	Dún Dealgan
<i>Walshestown</i>	<i>Brittas</i>	<i>Wicklow</i>
<i>Leixlip</i>	<i>Grangemockler</i>	Caiseal
<i>Moate</i>	Cathair Saidhbhín	<i>Ireland's Eye</i>

Na Gaeil	Na Lochlannaigh	Na Normannaigh
Lios an Daill	<i>Wexford</i>	<i>Thomastown</i>



CEACHTANNA

Brí logainmneacha

Má fhéachann tú go cúramach ar liosta na míreanna coitianta a bhaineann le tionchar lonnaitheoirí éagsúla ar na logainmneacha, tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil tú in ann go leor logainmneacha a thuiscint anois. Lión isteach an bhrí liteartha i mBéarla sa tábla thíos. Tá dhá cheann déanta duit.

Leid: Tá nótaí mínithe ag gabháil le cuid de na logainmneacha ar www.logainm.ie. Ná déan dearmad go gcaithfidh tú cliceáil ar na torthaí ar chlé chun tuilleadh sonraí i dtaobh na háite a fheiceáil ar dheis:

Baile an Mhóta

»

Sráidainmneacha san áireamh

Ainmneacha cosúla ▼

Scag torthaí an chuardaigh

De réir contae ▼

De réir catagóire ▼

Baile an Mhóta/Ballymount
(*dúiche*)
Baile Átha Cliath

Baile an Mhóta/Ballymount
(*sráid*)
Baile Átha Cliath

léarscáil **sonraí**

contae	Baile Átha Cliath/Dublin
barúntacht	An Chrois Uachtarach/Uppercross
paróiste dlí	Cluain Dolcáin/Clondalkin
baile	Cluain Dolcáin/Clondalkin

dúiche

- ▶ **Baile an Mhóta**
gin. Bhaile an Mhóta
(*Gaeilge*)
- ▶ **Ballymount**
(*Béarla*)

Nóta mínithe

“ the town of the moat

Nasc buan

<http://www.logainm.ie/1165424.aspx>

Leid: Mura bhfuil nóta mínithe ag gabháil le háit b'fhiú féachaint ar na taifid chartlainne a ghabhann le cuid de na háiteanna ar www.logainm.ie. Is éard atá sna taifid chartlainne ná **tagairtí stairiúla** a thugann eolas maidir le **litriú** ainm na háite ag am áirithe, mar shampla i leabhar. Bíonn nótaí mínithe agus samplaí den fhoghraíocht ar chuid de na taifid freisin.

logainm.ie focal.ie ainm.ie

BUNACHAR LOGAINMNEACHA NA HÉIREANN
Placenames Database of Ireland

Eolas Cuir ceist Aistrigh liosta **Engl**

Acmhainní oideachais | Acmhainní eolais | Orduithe loga

An Dún Mór/Dunmore Head
(*ceann tíre*)
Ciarraí

An Dún Mór/Doonmore
(*baile fearainn*)
An Clár

An Dún Mór/Dunmore
(*baile fearainn*)
Corcaigh

An Dún Mór/Dunmore Head
Dún na nGall

An Dún Mór/Dunmore
(*baile fearainn*)
Dún na nGall

An Dún Mór/Dunmore
(*baile fearainn*)
Dún na nGall

An Dún Mór/Doon More
(*mionghne*)
Dún na nGall

An Dún Mór/Doonmore
(*mionghne*)
Dún na nGall

An Dún Mór/Dun More
(*mionghne*)
Dún na nGall

An Dún Mór/Greatdown
(*baile fearainn*)
An Iarmhí

An Dún Mór/Dunmore
(*toghroinn*)
Laois

An Dún Mór/Dunmore
(*baile fearainn*)
Laois

An Dún Mór/Dunmore
Lú

DUNMORE	25, 34		
1608	Downmore		Sury. Ulst. 172
1619	Doonmore		CPR 420
1654	Dunmore, Dunmore		CS 118
	Dunmore		CS 128
1665	Downmore		HMR
1801	Dunmore		McCrea
1833	Dunmore		AL:BS
	Dunmore is a corruption of Duanmore or		
	the Big Hill		AL:Revd. J. Ellison
	Dun Mor 'great fort'		AL:OD
1986	du:n'mo:r		Áit

iú367 nó iú510 nó 152 78 nó 15725 nó

15744

An Dún Mór DG: 245

15/8/88 DJS



CEAHTANNA

Logainm	Bri liteartha i mBéarla
Baile an Mhóta	the town of the moat
An Dún Mór	the great fort
An Bhuiríos Mhór	
An Caiseal Bán	
An Caisleán Nua	
Cathair Chonaill	
An Daingean Beag	
An Briotás	
Lios an Mhóta	
An Longfort Beag	
An Ráithín	
An Ráth Dhubh	
An Spidéal	

Scríobh logainmneacha a bhfuil le míreanna ar leith iontu

Tá an chéad cheann déanta. **Leid:** seo nasc chuig treoracha maidir le cuardach a dhéanamh ar shuíomh logainm.ie:

Gaeilge: <http://www.logainm.ie/Info.aspx?menuItem=about&contentType=help.cuardach&uiLang=ga>

Béarla: <http://www.logainm.ie/Info.aspx?menuItem=about&contentType=help.cuardach&uiLang=en>

Leid: Bain triail as uimhir uatha, uimhir iolra, agus **tuisseal ginideach** na míreanna a chuardach chun teacht orthu ar www.logainm.ie. Is féidir na **foirmeacha** uatha, iolra agus ginidigh a **lorg** ar www.focal.ie nó i bhfoclóir.

Mar shampla más é an mhír **dún** atá á lorg agat cuardaigh na **leaganacha** seo a leanas:

Cuardaigh ‘dún’ agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Dún Beag**

Cuardaigh ‘dúin’ mar a bheadh an mhír sa **tuisseal ginideach** agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Lios Dúin Bhearna**

Cuardaigh ‘dúnta’ mar a bheadh an mhír san uimhir iolra agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Na Dúnta**



CEACHTANNA

Tar éis duit cuardach a dhéanamh, is minic a fheicfidh tú bosca aníos faoin mbosca cuardaigh. Anseo, gheobhaidh tú liosta ainmneacha eile sa tír atá cosúil leis an mír/ainm a scríobh tú isteach. Mar shampla má chuireann tú an mhír **dún** sa bhosca cuardaigh, gheobhaidh tú 2 logainm, Dún Bleisce agus Dún:

- Dún Bleisce/Doon
(paróiste dlí)
Luimneach
- Dún/Doon
(paróiste dlí)
Tiobraid Árann

Ach má fhéachann tú sa bhosca aníos feicfidh tú go bhfuil neart logainmneacha eile ann leis an mír **dún**:

1. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **dún** mar chuid de?

Freagra: Tá sé sa logainm **Dún na nGall**.

2. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **lios** mar chuid de?

.....

3. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **ráth** mar chuid de?

.....



CEAHTANNA

4. Scr obh logainm a bhfuil an mh r **cathair** mar chuid de?

.....

5. Scr obh logainm a bhfuil an mh r **caiseal** mar chuid de?

.....

6. Scr obh logainm a bhfuil an mh r **briot s** mar chuid de?

.....

7. Scr obh logainm a bhfuil an mh r **caisle n** mar chuid de?

.....

8. Scr obh logainm a bhfuil an mh r **daingean** mar chuid de?

.....

9. Scr obh logainm a bhfuil an mh r **m ta** mar chuid de?

.....

10. Scr obh logainm a bhfuil an mh r **longfort** mar chuid de?

.....